Ceacht 4

CORPOIDEACHAS

Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad: Treodóireacht & Dúshláin lasmuigh.

Cuspóirí Curaclaim:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- rialaitheoirí a aimsiú i gclós na scoile, ag baint feidhm as léarscáil nó plean
- tabhairt faoi chosán eachtraíochta
- gníomhaíochtaí lasmuigh a phleanáil, a bhreathnú, cur síos orthu agus iad a phlé

GAEILGE

Snáithe: Teanga ó Bhéal

Gnéithe: Tuiscint

***Torthaí Foghlama:**

** Cé go bhfuil Torthaí Foghlama ar leith sonraithe anseo mar eiseamlair, tá saoirse ag an múinteoir breithiúnas gairmiúl a dhéanamh chun Torthaí Foghlama cuí a roghnú a oireann don cheacht, do chúinsí na scoile agus a oireann d'eispéiris agus cumais na bpáistí.*

Trí eispéiris chuí foghlama tarraingteacha ba cheart go mbeadh páistí in ann:

TF6: ***Léiriú tuisceana:***

freagairt do shraith treoracha agus iad a thabhairt

TF4: ***Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile:***

Gnásanna sóisialta teanga a úsáid agus tús á chur le comhrá nó páirt á glacadh i gcomhrá, agus teanga a úsáid go muiníneach chun oibriú i bpáirt le daoine eile.

Ionad: Fearann na scoile.

Fearas:

- Máistirléarscáil ranga
- Léarscáil den limistéar imeartha
- Staduaireadóir agus feadóg
- Cártaí meaitseála lannaithe
- Cóin/Spásmharcóirí (ceann do gach páiste)
- Bileoga toraíochta

Tá samplaí de na háiseanna riachtanacha is féidir a chóipeáil ag deireadh an phlean seo.

Tagairtí:

Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas (lgh 63-65)
Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (lch 91)
Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/)
Primary Language Curriculum / Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)

Teanga don fhoghlaim
Eiseamláirí agus sainfhoclóir a bhaineann leis an gceacht

Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Feicfidh tú thíos an teanga is féidir leat a úsáid. Ní gá duit díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Téigh siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana. Ansin an teanga nua is mian leat a chleachtadh agus a mhúineadh tabhair í do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfá an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí treodóireachta.

Foclóir: léarscáil, máistirléarscáil, eochair, siombail, comhartha, ionad rialaithe, fearann na scoile, ar dtús, ansin, ina dhiaidh sin, ar deireadh, ar dheis, ar chlé, ó thuaidh, ó dheas, os comhair, taobh thiar, in aice, gar do, tosach, cúl, taobh deas, taobh clé, triantán, ciorcal, deiseal, tuathal, am críochnaithe, am tosaithe, staduaireadóir, foirgneamh, geata, claí, sceacha, balla, cuaillí, páirc na himeartha, clós na scoile, cosán, crann, claí, ciumhsóg féir, banc buidéal, tús, críoch, in ord, deich bpointe, pionós, is faide, is gaire, amanna éagsúla, crua, bog, fuar, te, mín, garbh, lonrach, cearnógach, ciorclach, imshaol, timpeallacht,

*Tá sé tábhachtach an foclóir seo a mhúineadh i gcomhthéacs abairte mar atá léirithe in Teanga an Mhúinteora agus Teanga an Pháiste ar an gcéad leathanach eile.

**Tá bunsmaointe an cheachta seo ar fáil san áis Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna 1999.Tá an-chuid féidearthachtaí sna gníomhaíocht chun páistí a chur i mbun cumarsáide le chéile agus iad ag lorg eolais le chéile nó ag dul ó dhuine go duine ag lorg a bpáirtí cuí. Tá samplaí de ghníomhaíochtaí féideartha éagsula sna bileoga ag deireadh an cheachta. I dtaca leis sin tá deiseanna sna gníomhaíochtaí ar dhearcadh deimhneach ar aire a bheith á tabhairt don imshaol tráth a nglacann na páistí páirt i ngníomhaíochtaí lasmuigh.

Teanga an mhúinteora:

Déanfaimid gníomhaíochtaí treodóireachta agus tóraíochta anois.
Déanfaimíd tóraíocht taisce timpeallachta.
Cuirigí na cóin agus na cártaí in bhur rogha ionad i gclós/i bhfearann na scoile.
Beidh oraibh/Déanaigí bhur gcón a chlárú ar an léarscáil ranga.
Beidh ar gach duine siúl timpeall agus cárta a roghnú.
Oireann/Meaitseálann gach cárta do chárta/le cártá amháin eile.
Siúlaigí timpeall agus cuir ceisteanna ar a chéile chun bhur páirtí a aimsiú.
Déanaigí bhur gcártaí a sheiceáil sula gcríochnaíonn sibh le cinntiú go bhfuil na cártaí ag meaitseál i gceart.
Cuir ort do chóta/ Cuirigí oraibh bhur gcótaí.
An dtuigeann sibh? An dtuigeann sibh cad atá le déanamh agaibh?
Ar aghaidh libh.
Ní haon mhaith brostú abhaile gan na freagraí cearta.
Beidh ar gach duine tosú ag an am céanna.
Is féidir tosú nuair a shéidfidh mé an fheadóg.
Séidfidh mé feadóg.
An bhfuil cárta/bileog ag gach aon duine?
An dtuigeann sibh cad atá le déanamh agaibh?
Taispeánfaidh mé daoibh conas é a dhéanamh.
Ar aghaidh libh, Tóg/tógaigí do/bhur seal, Glacaigí seal,
Conas atá ag éirí leat/libh?
Siúlaigí go mall – níos moille.
Ar bhain sibh taitneamh as sin?
Cad atá cearr?
Stopaigí ansin!
Tá an t-am istigh.
Brostaígí.
Chomh x le y/ m.sh Chomh bán le sneachta/chomh dubh le gual/ chomh dearg le fuil &rl.

Teanga an pháiste:

An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?
Cá bhfuil sé?
Tá x ag brú orm.
Is sinne an chéad bheirt / dara/triú & rl beirt.
Mharcáil mé mo chón/chárta ar an léarscáil.
An bhfuil x agat?
Cad atá ar do chárta?
Tá mo pháirtí aimsithe agam/ níl mo pháirtí aimsithe agam fós.
Ní féidir liom mo pháirtí a aimsiú.
Níl a fhios agam conas… Ní thuigim…
Táim/táimid críochnaithe.
Bhain mé an-taitneamh as sin, bhí sé go hiontach.
Tá cabhair uaim. An gcabhróidh tú liom?
Tá mé caillte
Táimíd i sáinn/ i bponc
Tuigim/ní thuigim
Tá ag éirí go maith liom/linn.
D'éirigh go maith linn
Bhain mé súp as.
An bhfuil cead againn é a dhéanamh arís?
An bhfuil cead agam leathanach a fháil?
Tá liosta fada abairtí agamsa.
Ní féidir liom smaoineamh ar aon rud eile.

Tréimhse réamhghníomhaíochta/réamhchumarsáide

- **Cothú spéise:**

Abair leis na páistí go mbeidh siad ag déanamh gníomhaíochtaí tóraíochta amuigh i bhfearann na scoile agus go mbeidh cead acu dul go dtí na hionaid rialaithe in ord ar bith. Abair leo go mbeidh siad ag déanamh Tóraíocht Taisce Timpeallachta / Tóraíocht Mheaitseála.

- **Ullmhúchán ranga**

Taispeáin léarscáil d'fhearann na scoile do na páistí. Taispeáin an áit ina bhfuil an rang anois agus pléigh na háiteanna a n-aithníonn siad ar an léarscáil. Dírigh a n-aird ar ghnéithe agus ar chomhartha talún a aithníonn siad ar an léarscáil.

1.*Tóraíocht Taisce Timpeallachta*
Mínigh do na paistí go mbeidh liosta acu agus go mbeidh orthu cuidiú le chéile chun rudaí ar an liosta a aimsiú sa limistéar imeartha. Mínigh gur gá rud amhain a liostáil do gach mír, agus an rud sin a mharcáil ar an léarscáil. Meabhraigh do na pásití a thábhachtaí atá sé aire a thabhairt don imshaol agus gan cur isteach ar rudaí sa timpeallacht.

2. Tóraíocht Mheaitseála
Mínigh do na páistí go bhfuil cárta amháin a oireann do chárta / a mheaitseálann le cárta amháin eile agus go mbeidh orthu siúl chuig cón nuair a thosaíonn an gníomhaíocht agus cárta a roghnú. Ansin beidh orthu bogadh thart i measc a gcomhdaltaí chun teacht ar an bpáiste a bhfuil an cárta aige/aici a oireann dá gcárta féin agus filleadh chugat mar phéire meaitseáilte.

- **Ionchur teanga:**

Conas an sainfhoclóir/téarmaíocht a mhúineadh.

- Is fiú réamhullmhúchán a dhéanamh ar an teanga a bhaineann le ceisteanna a chur agus a fhreagairt. D'fhéadfaí an teanga seo a chleachtadh go háirithe le linn bainistíocht ranga agus ghnáthchaint an lae.
- Múin an teanga nua a bhaineann leis an gcluiche meaitseála ar leith atá roghnaithe agat. Déan an teanga sin a chur i láthair na bpáistí i gcomhthéacs chumarsáide.
- Téigh siar ar an teanga a bhí i gceacht 1, 2 agus 3.
- Bain leas as ceisteanna, aithris agus athrá le cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoclóir nua.
- Léirigh an teanga nua ar luaschártaí & phóstaeir/ phrionta sa seomra ranga**.**
- Cuir béim ar struchtúr na teanga chomh maith le tuiscint san ionchur teanga

Gaeilge an mhúinteora:
Táimid ag dul go dtí an clós/páirc na himeartha/fearann na scoile.
Déanfaimid tóraíocht taisce timpeallachta.
Déanfaimid gníomhaíochtaí tóraíochta.
Féach go cúramach ar an liosta agus faigh rudaí atá oiriúnach.
Ná déan díobháil d'aon rud sa timpeallacht.
Marcáil an rud ar bhur léarscáil.
Cuirigí na cóin agus na cártaí in bhur rogha ionad as chlós/i bhfearann na scoile.
Cuir do chárta faoi chón folamh.
Cuir ort do chóta/ Cuirigí oraibh bhur gcótaí.
An dtuigeann sibh? An dtuigeann sibh cad atá le déanamh agaibh?
Ar aghaidh libh.

Gaeilge na bpáistí:
An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?
Tá/níl léarscáil agam/againn.
Aithním clós na scoile.
Chuir mé mo chón/mo chárta sa limistéar imeartha.
Mharcáil mé x ar an léarscáil.
Ní féidir liom x a aimsiú.
Tá x ag brú orm.
Tuigim/Ní thuigim.
Ní fheicim x ar an léarscáil.

Tréimhse ghníomhaíochta/ chumarsáide

1.Tóraíocht Taisce Timpeallachta
Tabhair bileog agus léarscáil do gach beirt. Mínigh go mbeidh orthu cuidiú le chéile chun rudaí a aimsiú sa limistéar imeartha. Léirigh an ghníomhaíocht ar dtús, ag míniú nach gá ach sampla amháin a chlárú do gach mír atá ar an liosta atá acu. Minigh go mbeidh sé éasca rudaí áirithe a fháil agus go mbeidh sé níos deacra nó go mbeidh dushlán acu rudaí eile a aimsiú. Iarr orthu uimhir an ruda a aimsíonn/roghnaíonn siad a mharcáil san áit chuí ar an léarscáil atá acu. Nuair a dhéanann tú comhartha (m.sh nuair a shéideann tú feadóg) téann na páistí i mbun tóraíochta ar feadh 10 nóiméad (nó pé fad ama a chineann tú don ghníomhaíocht)

2.Tóraíocht na gCártaí (Tóraíocht Mheaitseála)
Tabhair cón (nó spásmharcóir) do gach páiste agus iarr orthu iad a scaipeadh ar fud an limistéir imeartha, agus teacht ar ais chugat. Ansin tabhair cárta meaitseála amháin do gach páiste agus iarr orthu an cárta sin a chur faoi chón (mharcóir) folamh, agus teacht ar ais chugat arís. Iarr orthu an áit ar fhág siad a gcón féin a mharcáil ar an máistirléarscáil ranga.
Iarr ar na páistí siúl/bogshodar/scipeáil timpeall an limistéir imeartha. Tosaíonn gach duine ag an am céanna. Nuair a dhéanann tú comhartha (m.sh nuair a shéideann tú feadóg) siúlann gach páiste chuig marcóir/cón agus tógann sé/sí an cárta atá faoin marcáir sin. Caithfidh na páistí bogadh thart anois i measc a gcomhdaltaí chun teacht ar an bpáiste a bhfuil an cárta aige/aici a oireann dá gcárta féin. Spreag iad le ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt ar a chéile chun a bpáistí a aimsiú.

Tabhair thart ar 10 nóiméad (nó pé fad ama a chinneann tú ag brath ar an ngníomhaíocht) leis an tasc a chur i gcrích. Séid feadóg nó tabhair rabhadh comhartha nuair atá nóiméad amháin fágtha.

Má chuireann páistí ceist as Béarla agus na gníomhaíochtaí ar siúl acu tabhair freagra i nGaeilge.

Déan an ghníomhaíocht meaitseála arís chomh minic agus is mian leat, ag baint úsáid as an tacar céanna cártaí nó á n-athrú.

Gaeilge an mhúinteora:

Beidh ar gach duine siúl timpeall agus cárta a roghnú.
Siúlaigí timpeall agus roghnaigh cárta
Oireann/Meaitseálann gach cárta do/le cártá amháin eile,
Siúlaigí timpeall agus cuir ceisteanna ar a chéile chun bhur bpáirtí a aimsiú.
Déanaigí bhur gcártaí a sheiceáil sula gcríochnaíonn sibh le cinntiú go bhfuil na cártaí ag meaitseáil i gceart.
Beidh gach duine ag tosú ag an am céanna.
Is féidir tosú nuair a shéidfidh mé an fheadóg.
Ar aghaidh libh.
Tabhair dom an x le do thoil.
Cad atá cearr?
Conas atá ag éirí libh?
Stopaigí ansin!
Taispeáin dom do chárta/ bhúr gcártaí.
Tá an t-am istigh.
Malartaígí bhur gcártaí. Brostaígí.

Gaeilge na bpáistí:
Tá x ar mo chártá
Meaitseálann ár gcártaí.
Tá sé aimsithe agam/ níl sé aimsithe agam fós.
Ní féidir liom x a aimsiú.
An bhfuil x agat?
An bhfuil x ag aon duine?
Cad atá ar do chárta?
Níl a fhios agam conas… Ní thuigim…
Táim/táimid críochnaithe
Tá cabhair uaim.
Tá mé caillte.
An gcabhróidh tú liom?
Tá ag éirí go maith liom.
D'éirigh liom/ níor éirigh liom mo pháirtí a aimsiú.

Tréimhse i ndiaidh na gníomhaíochta/ iarchumarsáide

Tar éis na gníomhaíochta, déan roinnt aclaíochta leis na páistí chun iad a fhuarú sula bhfágann sibh an clós/limistéar imeartha. m.sh:Iarr ar na páistí rith timpeall an chlóis ag moilliú de réir a chéile ó bogshodar go siúlóid go siúlóid mhall go seasamh. Iarr orthu ciorcail mhóra a dhéanamh le baill bheatha éagsúla agus iad ag análú isteach agus amach go mall.

Ar fhilleadh ar an seomra ranga b'fhiú an deis a thapú gníomhaíocht scríbhneoireachta a dhéanamh bunaithe ar ábhar na gcártaí chun an teanga nua a leathnú agus a dhaingniú.
m.sh –

- Liosta samhalacha a chruthú iad féin atá éagsúil ó na cártaí meaitseála (chomh bán le sneachta / púca / cailc/ céir na gcoinnle)
- Cártaí meaitseála a chruthú iad féin a bheadh oiriúnach don chéad tóraíocht meaitseála eile – m.sh Mothúcháin, Contráthrachtaí, Comhchiallaigh, Seanfhocail

Gaeilge an mhúinteora:
Siúlaigí /rithigí timpeall an chlóis.
Siúlaigí go mall – níos moille.
Croith/croithigí do chosa do lámha /bhur gcosa, bhur lámha.
Déanaigí ciorcail le bhur lámha/cosa.
Bígí ag análú isteach/ análaigí isteach/amach
Ar bhain sibh taitneamh as sin?
Scríobh do liosta féin.
An féidir leat smaoineamh ar aon rud eile?

Gaeilge na bpáistí:
Ní féidir liom rith – tá mo chos tinn
Bhain mé an-taitneamh as sin, bhí sé go hiontach.
Bhí an bua againne.
An bhfuil cead agam leathanach a fháil?
Tá liosta fada agamsa.
Ní féidir liom smaoineamh ar aon rud eile.

Measúnú (Conas a dhéanfar measúnú ar fhoghlaim na bpáistí – forbairt teanga agus foghlaim an ábhair?)

Breathnóireacht an mhúinteora: Siúil timpeall le linn na gníomhaíochta i mbun breathnóireachta ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.

Ceistiúcháin: Cuir ceisteanna ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochta lena dtuiscint a mheas agus ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.

Féinmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.

Dialann an mhúinteora: Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

Féinmheasúnú an mhúinteora: An raibh mé dílis don Chorpoideachas mar ábhar? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndéarna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? Ar chuir mé tacaíochtaí oiriúnacha ar fáil chun cuidiú le tuiscint agus foghlaim na bpáistí? Ar dhírigh mé ar na Torthaí Foghlama Teanga chomh maith leis na Cuspóirí Ábhair don Chorpoideachas? An raibh páistí in ann na hionaid rialaithe a fháil agus na cártaí cuí a roghnú ? An raibh na páistí in ann obair go neamhspléach i mbeirteanna chun an ghníomhaíocht a dhéanamh? An raibh na páistí in ann tuiscint a léiriú trí cheisteanna a chur agus a fhreagairt? Ar léirigh na páistí tuiscint trí mhíniúcháin agus cur síos a thuiscint? An raibh na páistí in ann cur síos a dhéanamh ar na gníomhartha, imeachtaí a bhí ar siúl acu ag úsáid teanga go muinineach? An raibh na páistí in ann úsáid a bhaint as abairtí leanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte? An raibh na tascanna in oiriúint do leibhéal aoise na bpáistí? Na treoracha a thug mé, an raibh siad soiléir? An raibh deis ag na páistí an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach? Cad iad na dúshláin a bhí ag na páistí le linn an cheachta?

https://ncca.ie/media/1351/assessment-guidelines.pdf


Cárta Gníomhaíochta – Léarscáil Shamplach
1
2
3
4
5
6
7
8
9
10
11
12
Tús
Foirgneamh
Balla
Claí
Ciumhsóg Féir
Crann
Fál nó Sceach
Cosán
Lochán
Cuailli
Críoch

Cárta Gníomhaíochta – Léarscáil Shamplach
cosán
páirc
10
2
sceach
lochán
crann
4
8
7 sceach
5
Scoil
luascáin
3
1
cosán
foirgneamh na scoile
6
9
ciumhsióg féir
bláthanna
balla

Úsáid do chuid céadfaí chun rudaí a aimsiú sa timpeallacht. Faigh rud éigin atá …

1 fuar	8 glas	15 garbh
2 te	9 donn	16 crua
3 dearg	10 lonrach	17 bog
4 mín	11 geal	18 díreach
5 bán	12 dorcha	19 álainn
6 mór	13 fliuch	20 cearnógach
7 beag	14 tirim	21 ciorclach

Úsáid do chuid céadfaí chun rudaí a aimsiú sa timpeallacht. Faigh rud éigin a thosaíonn leis an litir …

1 a	8 m	15 o
2 d	9 b	16 h
3 f	10 e	17 ú
4 p	11 r	18 c
5 s	12 u	19 ó
6 á	13 t	20 e
7 g	14 n	21 l

Cluiche Meaitseála/Tóraíocht Mheaitseála – Gearr amach na cártaí agus cuir na cártaí cuí le chéile.

Tá leagan de na cártaí seo gur féidir a chóipeáil, a lannadh agus a ghearradh suas in Aguisín 1.

Chomh bán le...	Chomh dearg le...	Chomh milis le...
Samhlacha		
bainne	fuil	mil

Chomh glas le...	Chomh hard le...	Chomh dubh le...
Samhlacha		
féar	falla	gual

Chomh binn le...	Chomh glic le...	Chomh dána le...
Samhlacha		
cláirseach	sionnach	muc

Chomh ramhar le...	Chomh beag le...	Chomh ciúin le...
Samhlacha		
rón	dreoilín	luch

Cluiche Meaitseála/Tóraíocht Mheaitseála – Gearr amach na cártaí agus cuir na cártaí cuí le chéile.

Tá leagan de na cártaí seo gur féidir a chóipeáil, a lannadh agus a ghearradh suas in Aguisín 2.



leitís	spionáiste	arbhar	cairéad
cóilis	práta	brocailí	ubhthoradh



cúcamar	oinniún	soilire	biatas
piobar	gairleog	píseanna	puimcín